# Fís agus straitéis don Eoraip agus d'Éirinn i 1,000 focal

Tá dúshlán mór romham maidin inniu tar éis na hóráidí rí-shuimiúla agus den scoth a thug Fachtna O Drisceoil i mí Feabhra agus a thug Pádraig O Dufaigh an mhí seo caite. Luaigh Paddy an méid mainistreacha a bunaíodh ag aon fhear amháin sa Mhór-Roinn sa 6ú aois. Duine le fuineamh, le fís, le creideamh, le luachanna ab ea é Naomh Colm Bán. Is dóiche gur féidir a rá gur fiontraí agus ceannródaí soisialta ab ea é. Ní raibh srian lena chuid iarrachtaí agus a uaillmhianta maithe. Is féidir na focail seo a leanas a úsáid ón dán Aisling le Liam MacUistin agus atá scríofa ar bhalla I ngairdín an chuimhneacháin i mBAC.

> *I ndorchacht an éadóchais rinneadh aisling dúinn. Lasamar solas an dóchais agus níor múchadh é.*

Sa domhan atá inniu ann tá gáth le cruthaíocht nua, le fiontraíocht nua, le fís nua, le fuinneamh nua, le tuiscint nua… Fadó dúirt an deachtóir Vladimir Lenin nach féidir gníomhaíocht réabhlóideach a chur ar bun gan réabhlóid teoirice. Déarfainn, áfach, nach féidir réabhlóid fhiúntach d'aon sort a chur ar bun gan réabhlóid luachanna.

Céard iad na luachanna atá de dhíth in Eirinn anois? Bainean sé seo leis an gcaoi a bhfuil an ord soisialta leagtha amach. Tá nasc idir géarchéim sa gheileagar, sa timpealacht, sa bhancanna, sa chóras polaitiúl, sa chóras oideachais agus sláinnte, sna hEaglaisí – fiú sna ceardchumainn ina bhfuil mise páirteach mar stiúrthóir an NERI.

Sa lá atá inniu ann in Éirinn, tá leithleasacht i réim – sort fealsúnacht bunnaithe ar 'mé féin' seachas an leas coiteann.

Tá an dlúthpháirtíocht soisialta faoi bhagairt tromchúiseach cé go bhfuil nasc an phobail cuíosach láidir go foil anseo. Má leantar le fadhb na dífhostaíochta go mór mór i measc na glúine óige agus iad

gan obair fhiúntach agus inbhuanaithe díreach mar atá an cás go háirithe sa Spáinn agus sa Ghréig ach anseo freisin is ar éigin go leanfar leis an tionscadal Eorpach. Má leantar leis an béim ar raon srianta de spriocanna eacnamaíocha agus spriocanna fioscacha déanfar an damáiste don sochaí.

Caithfimid díriú ar an domhan mór ina bhfuil Eire páirteach. Táimid mar bhall den Aontas Eorpeach nó an comhmhargadh le 40 bliain anuas. Tá seans againn, fós, difríochta dhéanamh san Eoraip agus an chaoi ina bhfuil sé ag imeacht. Creidim go bhfuil gáth le fís bunaithe ar chearta an duine agus ar an ionnanas. Ag ócáid an Chéad Dáil i mí Eanáir 1919 glacadh leis an Clár Daonlathach. Sa chlár aislingeach sin glacadh le seo a leanas:

> *Is é an príomhchúram a bheidh ar Rialtas an tSaorstáit ná gléas a sholáthar chun leas corpartha, leas spioradálta agus leas intleachta na leanaí a chur in áirithe dóibh; féachaint chuige nach mbeidh an t-ocras ná an fuacht ag goilleadh ar aon leanbh de cheal bia, éadaigh ná díon tí; ach go bhfaighidh siad gach cóir agus gléas is gá dóibh chun teagasc agus taithí cheart a thabhairt dóibh i gcomhair na hoibre a bheidh le déanamh acu mar chomhaltaí den Saorstát Gaelach.*

Ag caint faoin lá atá inniu ann ceapaim go mba choir díriú ar na príomhphointí seo a leans:

1. Ioncam maireachtála do gach teaghlach ó 'chliabhán go huaigh'. Ar a laghad sa lá atá inniu ann ceaptar go bhfuil gáth le €400 sa tseachtain ar a laghad chun leibhéal maireachtála leormhaith a bhaint amach do dhuine aonarach agus níos mó I gcás clanna le páistí. Chuireadh ioncam mar seo deireadh leis an mbochtannas. Ach conas ioncam a sholáthair mar seo?

2. Earnáil láidir de ghnóthais bheaga agus mheanacha le ceannáras in Eirinn agus iad dírithe ar onnmhairithe I réimse leathan táirgí agus seirbhísí
3. Fostaíocht iomlán le ráta fostaíochta 80% do dhaoine idir 20 and 65 bliain d'aois (tá sé timpeal 60% anoise)
4. Obair chuibhiúil le coinníollacha maithe agus rannpháirtíocht san ionad oibre chomh maith.
5. Seirbhísí poiblí den scoth a sholathraíonn earraí sóisialta nó poiblí cosúil leis an oideachas, an tsláinnte
6. Dul I dtreo geilleagair atá dí-charbónaithe de réir a chéile trí infheistíocht I bhfoinsí athnuaite agus leasú sa chórais cánachais sa chaoi is go mbeidh cáin ar gníomhaíochtaí truaillithe.

Ach ní féidir sochaí den sort seo a bhainnt amach amárach no ní féidir í a bhaint amach san oileán seo amháin. Tógfaidh sé 20 bliain, nó 50 bliain nó 100 bliain. Is ar an leibheál Eorpach a chaithfimid oibriú cosúil le Colm Bán.

Ceapaim go bhfuil dhá nasc ar iarradh sa slabhra Eorpach:

- Coimhdeacht / Subsidiarité
- Dlúthpháirtíocht / Solidarité

De réir na coimhdeachta ní dhéantar cinntí ag ard-leibhéal údaráis más cuí agus más féidir iad a dhéanamh ar leibhéal níos isle nó níos áitiúla. Mar sin glactar cinntí chomh gar agus is féidir don saoránach nó don chomhphobal nó ballstát.

Tá an choimhdeacht in easnamh mar gheall ar theacht chun cinn an idir-rialtachais agus an chaoi ina bhfuil sé ag cur isteach ar ionnanas ghradaim sa chlub Euro. Tá brú i dtreo comhtháthú gan comthromaíocht. Má tá an Eoraip 'nua-liobrálach' bunaithe ar thosaíocht na margaí, iomaíochta agus rialacha fioscacha amháin in éindí le micrea-bhainistiú baincéireachta agus beartas fioscach ó lár

ansin ní fiú é an comhtháthú i mo thuairim. Más é rogha atá á chur chun cinn ag roinnt daoine sa Ríocht Aontaithe agus mionlach beag sa tír seo imeacht as an Euro agus fiú ón Aontas Eorpach ní ghlacaim le sin ach an oiread. Más é an rogha scoir nó comhlíonadh iomlán an ordú nua Eorpach ní mór diúltú fós. Caitear diúltú do rogha bréagach. Ní mór dúinn an fhírinne labhairt le cumhacht agus ní mór seasamh an talamh le haghaidh na rudaí atá ceart, cóir agus fíor. Cuireann sé i gcuimhne dom an mana iontach sin ó na seascaidí - bígí réalaíoch éiligh an rud atá dodhéanta!. Ba chóir dúinn a bheith tuirseach den loighic, fuar, measartha i dteannta le smaoineamh an ghrúpa, pragmatach agus muid i gcónaí ag éisteacht le caint faoinár ár n-éagumas agus na rioscaí a bhaineann ón taobh amuigh.

Tá gáth le fís nua. Tá gáth le ceannairacht nua. Cé a thabharfaidh an cheannaireacht seo? Is muidine glúin na ceannaireachta. Ní fiú ná ní gáth feitheamh le ceannaireacht ó dhaoine nó tír nó tréimhse eile. Is muidine ceannródaithe na físe nua. Mar a dúradh sa dán Aisling:

‘A ghlúnta na saoirse cuimhnígí orainne, glúnta na haislinge.’

Ó aisling go saoirse agus ó saoirse go hAisling nua – ná teipfear orainn saoirse nua a bhronnadh ar na glúnta atá le teacht ionas go mbeidh muidine in ann a rá leo

‘A ghlúnta na saoirse cuimhnígí orainne, glúnta na haislinge.’

Tomás ÓhÉalaí

25 Aibreán 2014